1264

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh GX____

Scrúduithe an tSamhraidh, 2004-2005

Có(i)d Scrúduithe	2BA1
Scrúdú/Scrúduithe	An Dara Bliain sna Dána
Cód an Mhodúil	TI216
Modúl	Aimsir agus Aeráid
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	Dr. P. Ó Conchubhair
Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a)	An tOllamh U. Strohmayer
	An tOllamh M. Ó Cinnéide
	An Dr Marie Mahon
Treoracha:	Freagair **dhá** cheist as gach roinn .i. **ceithre** cheist san iomlán. Tá an líon céanna marcanna ag dul do gach ceist
Fad	3 huaire an chloig
Líon na bhFreagarleabhar	1
Líon na Leathanach	2
Roinn:	Tíreolaíocht

Roinn A

1. Tabhair cuntas míniúcháin maille le léaráidí, ar na príomh-mhodhnuithe teirmidinimiciúla a imrítear ar aermhaiseanna mT agus mP agus iad ag gluaiseacht óna dtúsphointe i dtreo na hÉireann. Déan cur síos freisin ar na dálaí aimsire is iondúla a leanann iad.

2. Tabhair cuntas maille le léaráidí ar an bhfoinse agus struchtúr a bhíonn ag cioclóin mheánchreasacha agus taispeáin cén difríocht atá eatarthu siúd agus cioclóin thrópaiceacha.

3. Déan cur síos ar na príomhthréithe agus foinse atá ag an dá phríomhchineál fhrithchioclóin agus tabhair cuntas míniúcháin ar na dálaí aimsire is iondúla a luaitear leo.

4. Déan scrúdú criticiúil ar an gcúnamh a thugann an mheitéareolaíocht don tionscal iompair.

Roinn B

5. Déan cur síos agus measúnú criticiúil ar cheann ar bith de na príomhranguithe aeráide atá ann.

6. Déan cur síos agus léiriú ar na saintréithe a bhaineann le **ceann amháin** de na haeráidí seo a leanas: (a) Aeráid na Meánmhara; (b) Aeráid an Fhásaigh; (c) Aeráid Thrópaiceach Mhonsúnach, agus tabhair gearrchuntas ar na cúinsí rialaithe a chothaíonn an réisím aeráideach sin.

7. Tabhair cruinnchuntas ar na príomhdhifríochtaí atá idir aeráid chathrach agus aeráid na cúlchríche tuaithe máguaird; mínigh na difríochtaí seo.

8. Mínigh an comhghaol atá idir aeráid, éadach agus compord.